**A1 Topaic 14**

**01 Ag déanamh socruithe**
***Cuid a Trí***

**Labhairt**

3

## 01 Ag déanamh socruithe

**Le múineadh:**
- Ceist a chur ar dhuine an mbeidh sé saor agus an cheist sin a fhreagairt
- tagairt d'ócáidí sóisialta
- ceist a chur ar dhuine cén uair a bheidh rud éigin ar siúl agus an cheist sin a fhreagairt
- cuireadh a thabhairt do dhuine
- glacadh le agus diúltú do chuireadh.

4

**Bileog**

**Ag déanamh socruithe**

**Sceideal Suntasach!**

5

©GaeilgegoDeo2024

## Sceideal Suntasach!

- Beidh tú ag cruthú comhrá idir bheirt faoi na himeachtaí a mbeidh siad ag freastal orthu.

6

## Sceideal Suntasach!

- Tiocfaidh cárta róil suas ar an scáileán le eolas faoi am agus imeacht
- Mar shampla:

| Ról A: | Ról B: |
| --- | --- |
| Cóisir Aisling | Ceolchoirm |
| An deireadh seachtaine seo chugainn | Meán Fómhair seo chugainn |

7

## Sceideal Suntasach!

- Beidh ort an comhrá idir an bheirt a chumadh:
- **Mar shampla:**
- Duine A: *Beidh mé ag dul chuig cóisir Aisling.*
- Duine B: *Cathain?*
- Duine A: *An deireadh seachtaine seo chugainn.*
- Duine B: *Beidh mise ag dul chuig ceolchoirm.*
- Duine A: *Cathain?*
- Duine B: *Meán Fómhair seo chugainn.*

8

©GaeilgegoDeo2024

## Sceideal Suntasach!

| Ról A: | Ról B: |
| --- | --- |
| Cóisir Aisling | Béile sa bhialann Iodálach |
| An deireadh seachtaine seo chugainn | San oíche amárach |

- Cuir an físeán ar ceal ar feadh cúpla nóiméad nuair atá an comhrá á dhéanamh agat.

9

## Sceideal Suntasach!

| Ról A: | Ról B: |
| --- | --- |
| Breithlá Eoin | Ceolchoirm |
| Dé Céadaoin seo chugainn | Meán Fómhair seo chugainn |

- Cuir an físeán ar ceal ar feadh cúpla nóiméad nuair atá an comhrá á dhéanamh agat.

10

## Sceideal Suntasach!

| Ról A: | Ról B: |
| --- | --- |
| Dráma | Seisiún ceoil |
| Dé Máirt seo chugainn | Dé Luain seo chugainn |

- Cuir an físeán ar ceal ar feadh cúpla nóiméad nuair atá an comhrá á dhéanamh agat.

11

©GaeilgegoDeo2024

## Sceideal Suntasach!

| Ról A: | Ról B: |
|---|---|
| Saoire | Pól agus Áine ag pósadh |
| Bealtaine seo chugainn | Aibreán seo chugainn |

- Cuir an físeán ar ceal ar feadh cúpla nóiméad nuair atá an comhrá á dhéanamh agat.

12

## Sceideal Suntasach!

| Ról A: | Ról B: |
|---|---|
| Cruinniú | Teach tábhairne |
| Maidin amárach | Tráthnóna inniu |

- Cuir an físeán ar ceal ar feadh cúpla nóiméad nuair atá an comhrá á dhéanamh agat.

13

## Na horduimhreacha



An chéad



An dara



An tríú

14

©GaeilgegoDeo2024

## Dátaí

- An chéad lá
- An dara lá
- An tríú lá
- An ceathrú lá
- An cúigiú lá
- An séú lá
- An seachtú lá
- An t-ochtú lá
- An naoú lá
- An deichiú lá

15


## Dátaí

- An chéad lá
- An dara lá
- An tríú lá
- An ceathrú lá
- An cúigiú lá
- An séú lá
- An seachtú lá
- An t-ochtú lá
- An naoú lá
- An deichiú lá


16


## Dátaí

- An chéad lá
- An dara lá
- An tríú lá
- An ceathrú lá
- An cúigiú lá
- An séú lá
- An seachtú lá
- An t-ochtú lá
- An naoú lá
- An deichiú lá


17

©GaeilgegoDeo2024

**Na horduimhreacha**

8ú 7ú

1 2 5ú 6ú

10ú 9ú 3ú 4ú

18

**Na horduimhreacha**

8ú 7ú

1 2 5ú 6ú

10ú 9ú 3ú 4ú

19

## Dátaí ar lean

- An chéad lá d’Eanáir
- An dara lá de Mhárta
- An tríú lá de Bhealtaine
- An ceathrú lá de Mheitheamh
- An cúigiú lá d’Iúil

20

## Dátaí ar lean

- An séú lá de Lúnasa
- An seachtú lá de Mheán Fómhair
- An t-ochtú lá de Dheireadh Fómhair
- An naoú lá de Shamhain
- An deichiú lá de Nollaig

21

## Dátaí ar lean

- Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear dáta agus mí le chéile?
- Tóg nóiméad agus déan machnamh ar an gceist sin.
- Cuireann ***de*** séimhiú ar an ainmfhocal a thagann ina dhiaidh agus úsáidtear ***d'*** roimh ainmfhocal a thosaíonn le guta.

22

## Dátaí ar lean

- An chéad lá **d'**Eanáir
- An dara lá **de** M**h**árta
- An tríú lá **de** B**h**ealtaine
- An ceathrú lá **de** M**h**eitheamh
- An cúigiú lá **d'**Iúil

23

©GaeilgegoDeo2024

## Dátaí ar lean

- An séú lá **de** Lúnasa
- An seachtú lá **de** M**h**eán Fómhair
- An t-ochtú lá **de** D**h**eireadh Fómhair
- An naoú lá **de** S**h**amhain
- An deichiú lá **de** Nollaig

24

## Dátaí ar lean

- Abair na dátaí a thagann suas ar an scáileán os ard.

- **Mar shampla:**
- 4/5 - *an ceathrú lá de Bhealtaine (EU)*
- 4/5 - *an cúigiú lá d'Aibreán (USA)*
- 8/8 - *an t-ochtú lá de Lúnasa (EU) (USA)*

25

## Dátaí ar lean – Dáta/Mí

3/2 5/9 6/8

9/3 7/4 1/5 3/2

2/7 4/10 8/6

26

©GaeilgegoDeo2024

**Dátaí ar lean – Dáta/Mí**

3/2 5/9 6/8

9/3 7/4 1/5 3/2

2/7 4/10 8/6

27

**Dátaí ar lean – Mí/ Dáta**

3/2 5/9 6/8

9/3 7/4 1/5 3/2

2/7 4/10 8/6

28

**Bileog**

**Ag déanamh socruithe**

**Dialann an Uachtaráin**

29

©GaeilgegoDeo2024

## Dialann an Uachtaráin

- Is tusa duine de na rúnaithe atá ag Uachtarán na hÉireann.
- Thit tú i do chodladh ag an gcruinniú deireanach.
- Tá bearnaí i do chuid nótaí dá bharr.
- **Cuir glao ar an rúnaí eile chun na bearnaí a líonadh agus ansin líon isteach dialann an Uachtaráin i gceart.**
- **Seo an cheist a bheidh uait:**
- Cathain a bheidh ___________________________ ann?

30

## Dialann an Uachtaráin

- **Déan na rudaí seo a leanas sa chomhrá:**

- Beannaigh don rúnaí eile
- Cuir ceist cad é mar atá an duine eile
- Abair cad a tharla: *Thit mé i mo chodladh ag…*
- Fiafraigh den duine eile faoi na hócáidí áirithe

31

## Dialann an Uachtaráin

- Cén fáth a bhfuil cláirseach ar dhialann an Uachtaráin?

- Cé hé an Taoiseach?

- Cé hé an Tánaiste?

- Cad é Dáil Éireann?

32

©GaeilgegoDeo2024

## Dialann an Uachtaráin

- Is í an chláirseach armas na hÉireann.



- Tá sé bunaithe ar an gcláirseach a bhí ag Rí na hÉireann, Brian Bóramha, agus tá sé le feiceáil sa mhúsaem i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Brian Boru's Harp, Lester Gibson, CC BY-SA 2.0 https://tinyurl.com/4d5nvkdf



33

## Dialann an Uachtaráin

- Taoiseach
- Tánaiste
- Dáil Éireann

- Úsáidtear an téarmaíocht sin as Gaeilge in Éirinn go hiomlán, agus sna meáin chumarsáide fiú nuair is é an Béarla atá in úsáid.

34

## Dialann an Uachtaráin - Freagraí

- **Bainis an Tánaiste : amárach ag 11.00.**
- **Cóisir an tsamhraidh i bPáirc an Fhionnuisce: 3 Iúil ag 15.00**
- **Seisiún ceoil i bhFaiche Stiabhna: 4 Iúil ag 19.00**
- **Cruinniú leis an Taoiseach: 5 Lúnasa ag 14.00**

35

## Dialann an Uachtaráin - Freagraí

- **Cruinniú i nDáil Éireann : 7 Meán Fómhair ag 10.00**
- **Breithlá Aoife: 8 Deireadh Fómhair ag 18.00**
- **Dráma in Amharclann na Mainistreach: 9 Samhain ag 20.00**
- **Ceolchoirm in Amharclann an Olympia: 10 Nollaig 19.30**

36

## Ar mhaith leat?

- Ar mhaith leat?
- An cuimhin leat conas freagra dearfach agus diúltach a thabhairt ar an gceist sin?
- ***Ba mhaith liom***
- ***Níor mhaith liom***

37

## Ar mhaith leat?

- Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann?
- Ar mhaith leat dul go dtí an Fhrainc?
- Ar mhaith leat dul go Meiriceá?
- Ar mhaith leat dul chuig scannán?

38

©GaeilgegoDeo2024

## Ar mhaith leat?

- Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann?
- Ar mhaith leat dul go dtí an Fhrainc?
- Ar mhaith leat dul go Meiriceá?
- Ar mhaith leat dul chuig scannán?

39

## Ar mhaith leat?

- An féidir leat smaoineamh ar shlite eile chun na ceisteanna sin a fhreagairt?
- *Ba bhreá liom. Go raibh maith agat.*
- *Ba bhreá liom, ach beidh mé ag obair.*
- *Ba bhreá liom ach ní bheidh mé saor.*
- *Tá brón orm/Tá mé buartha.**

40

## Ar mhaith leat?

- Bíonn mothúcháin ***ar*** dhuine, cosúil leis an tslí ina mbíonn tinneas agus éadaí ar dhuine.

***Forainmneacha Réamhfhoclacha* - *ar***

- ***orm***
- ***ort***
- ***air***
- ***uirthi***

41

©GaeilgegoDeo2024

## Ar mhaith leat?

***Forainmneacha Réamhfhoclacha** - **ar***

- ***Tá áthas orm***
- ***Tá slaghdán ort***
- ***Tá geansaí air***
- ***Tá cóta uirthi***

42

## Ar mhaith leat?



43

## Ar mhaith leat?

- Beidh ort cuireadh a thabhairt do dhuine eile dul áit éigin leat,
- mar shampla: *Ar mhaith leat dul chuig seisiún ceoil amárach?*
- Glacfaidh nó ní ghlacfaidh an duine sin leis an gcuireadh.
- Beidh air/uirthi úsáid a bhaint as ceann de na freagraí nua ón liosta.
- Ansin, tabharfaidh sé/sí cuireadh duit dul áit éigin leis/léi.

44

©GaeilgegoDeo2024

## Ar mhaith leat?

- Glacfaidh nó ní ghlacfaidh an duine sin leis an gcuireadh.
- Arís, beidh air úsáid a bhaint as ceann de na freagraí nua ón liosta a chuir sibh le chéile.
- Leanfaidh an nós timpeall an ranga go dtí go mbeidh cuireadh agus freagra tugtha ag gach foghlaimeoir.

45

## Ar mhaith leat?

- Smaoinigh ar dhá áit nó dhá ócáid ar mhaith leat dul chucu agus siúl timpeall an ranga agus cuireadh a thabhairt do bheirt dul leat chuig / go dtí an áit sin.

- Mar shampla:
- Duine A: *Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann liom Dé Máirt?*
- Duine B: *Ba bhreá liom! Go raibh maith agat!*

46

©GaeilgegoDeo2024